CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH













# FLEADH FEIRSTE

## CLÁR FLEADH FEIRSTE 2023




## FOCAL ÓN CHOISTE EAGRÚCHÁIN
## WORD FROM THE COMMITTEE

### FLEADH FEIRSTE 2023

Mar a dúirt an Coiste Eagrúcháin: “Is fleadh faoi leith í Fleadh Feirste a léiríonn bunluachanna an phobail Ghaelaigh in iarthar na cathrach, mar atá, an chomhpháirtíocht, an chomhbhá agus an chomhghuaillíocht.” Is fleadh fhíorspeisialta í seo agus tá muid thar a bheith bródúil as an phobal s'againn agus as an chlár seo.

*In the words of the organising committee: “Fleadh Feirste is a unique festival as it demonstrates the core values of the Irish language community in the west of the city, namely partnership, kinship and a common mission”. We are incredibly proud of our community and of this programme.*

# FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR

Tá áit ann don uile dhuine in Fleadh Feirste, féile dhraíochtúil Nollag na Ceathrún Gaeltachta. Tá Daidí na Nollag ag súil go mór le bheith ag castáil le páistí an cheantair ina phluais sa Chultúrlann. Ba bhreá leis an gheamaireacht úr le hAisling Ghéar agus Dónall Mac Giolla Chóill, 'Bábóg na Nollag', a fheiceáil fosta!

Tá Fleadh Feirste níos mó i mbliana ná mar a bhí riamh cheana. Tá ionaid bhisiúla, bheoga páirteach ann a bhíonn ag déanamh obair chlaochlaitheach ar son phobal na Gaeilge ó cheann ceann na bliana.
Tá scoileanna agus coláistí den chéad scoth againn ina bhfaigheann daltaí agus mic léinn oideachas iomlánaíoch ó bhaill foirne díograiseacha.

San am céanna, táthar ag cur leis na seirbhísí atá ar fáil taobh amuigh den seomra ranga. Tugann Raidió Fáilte guth dúinn agus insítear scéalta áitiúla agus uilíocha sna leabhair ghalánta a fhoilsíonn An tSnáthaid Mhór agus a dhíolann An Ceathrú Póilí.

Tá na mílte ag foghlaim Gaeilge in eagraíochtaí ar fud an cheantair, ina measc Cumann Chluain Ard agus Ionad Uíbh Eachach, áit a bhfaigheann tachráin tús maith lena bhforbairt saoil fosta trí sheirbhísí cúram leanaí den chaighdeán is airde.
Tá obair mhór idir lámha ag Glór na Móna agus Fóram na nÓg a chumasaíonn an pobal trí chláracha pobail agus eispéiris óige shaibhre.
Tarraingíonn Áras na bhFál smaointeoirí den scoth agus plúr na gceoltóirí le lón machnaimh agus siamsaíocht a thabhairt dúinn.



Tá ról an-tábhachtach ag Forbairt Feirste, Fís an Phobail agus Conradh na Gaeilge i bhforbairt bonneagair agus i leagan dúshraithe ar ar féidir linn uilig fás agus tógáil.
Le chéile táimid ag déanamh iarrachta saol níos fearr, níos cineálta a mhúnlú. Seasaimid i ndlúthpháirtíocht leo siúd atá faoi chois mar gheall ar an choilíneachas agus ar an chinedhíothú, agus is é mian ár gcroí é go mbeidh cothromas, cóir agus síocháin i réim ar fud an domhain mhóir.

**Gráinne Ní Ghilín**

# WORD FROM THE DIRECTOR

*There's something for everyone in Fleadh Feirste, the Gaeltacht Quarter's magical Christmas festival. Santa himself can't wait to welcome visitors to his grotto in the Cultúrlann. He's hoping to get in to see Aisling Ghéar's new pantomime, 'Bábóg na Nollag', written by Dónall Mac Giolla Chóill, while he's here!*

*This year's Fleadh Feirste is bigger and better than ever, thanks to the many organisations who are not only participating in the Christmas programme but also carry out transformational work throughout the year.*

*We have excellent schools and colleges where pupils and students receive a rich, holistic education from committed staff.*

*There is plenty happening outside the classroom too. Raidió Fáilte gives us a voice, and we can tell and learn about local and universal stories through An tSnáthaid Mhór's stunning children's literature and the myriad books available in An Ceathrú Póilí.*

*Thousands are learning Irish in organisations throughout the area, including Cumann Chluain Ard and Ionad Uíbh Eachach, who also ensure infants get the best start in life through the highest standard of early years care.*

*Glór na Móna and Fóram na nÓg deliver programmes that empower through rich community programmes and and unique, indigenous youth services. Áras na bhFál platform pioneering thinkers and top musicians to*



*challenge and entertain us.*

*Forbairt Feirste, Fís an Phobail and Conradh na Gaeilge play a vital role in developing the infrastructure and foundations upon which we grow and build.*

*Together, we are all striving to create a better, kinder future. We stand in solidarity with those in other parts of the world who are suffering as the result of colonial oppression and genocide and hold dear in our hearts a sincere wish for justice and peace for all.*

**Gráinne Ní Ghilín**

# TEACHTAIREACHT ÓNÁR BPRÍOMH-MHAOINITHEOIR
# MESSAGE FROM OUR PRINCIPAL FUNDER

Tá an Chomhairle Ealaíon bródúil as a bheith mar phríomh-mhaoinitheoir fadtéarmach don Chultúrlann. Tacaíonn an infheistíocht seo, trínár gcistí ón Chrannchur Náisiúnta, leis an mhol bhríomhar chruthaitheach clár ealaíon agus gníomhaíochtaí cultúrtha a sholáthar do phobal Iarthar Bhéal Feirste agus níos faide i gcéin, ó cheann ceann na bliana. A bhuíochas le himreoirí an Chrannchuir Náisiúnta is féidir linn go leor den mhaoiniú a chur ar fáil. Ach maidir leis an inspioráid – tagann sé sin uilig ón fhoireann agus ó na healaíontóirí iontacha a oibríonn san áit seo. Is iadsan a chuireann na healaíona ag croílár cruthaitheach na Ceathrún Gaeltachta.

Um Nollaig na bliana seo, tá clár nua a mhairfidh inár gcuimhne cruthaithe ag an Chultúrlann agus a gcomhpháirtithe sa Cheathrú Ghaeltachta do Fhleadh Feirste. Seo bealach leis an bhliain a thabhairt chun críche agus an pobal a thabhairt le chéile le go spreagfar iad, go dtógfar iad agus le go gcuirfear chun siamsaíochta iad ar shainbhealach na n-ealaíon!



*The Arts Council of Northern Ireland is proud to be the long-time principal funder of An Cultúrlann. The investment we make, through our National Lottery funds, enables this vibrant creative hub to provide the people of West Belfast and beyond with an outstanding programme of arts and cultural activities, all year round. Thanks to The National Lottery Players, we can provide much of the funding. But the inspiration – that all comes from the amazing staff and artists who work here. They are the ones who put the arts at the heart of this richly creative Gaeltacht Quarter.*

*This Christmas, the Cultúrlann and their Irish Language partners in the Ceathrú Gaeltacht, have created another Fleadh Feriste programme to remember. The perfect way to round off the year and bring the community together to be inspired, uplifted and entertained, in ways only the arts can do!*

**Roisín McDonough,**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
*Chief Executive,*
*Arts Council of Northern Ireland*

# **FLEADH FEIRSTE 2023**

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* | *Ardá(i)n* |
|---|---|---|
| **Tráth Cheisteanna na nEagraíochtaí**<br>24/11/23 \| 7:00pm | Pobal<br>Community | Cumann Chluain Árd<br>(Ionad Uibh Eachach) |
| **Suí 's Scíth**<br>29/11/23 \| 10.00 - 11.00am | Teaghlaigh<br>Family | Cultúrlann |
| **Bricfeasta Saor 's Gaelach le Coláiste Feirste**<br>29/11/23 \| 8:00am | Pobal<br>Community | Glór na Móna |
| **Blaiseadh Gaeilge agus Araibise**<br>***Irish and Arabic Taster Session***<br>30/11/23 \| 12:00pm | Pobal<br>Community | Glór na Móna |
| **Guthanna na Coimhlinte \| *Voices from the Conflict***<br>30/11/23 \| 7.30pm | Pobal<br>Community | Glór na Móna |
| **Ceolchoirm le Piaras Ó Lorcáin & Bláithín Mhic Cana**<br>30/11/23 \| 8:00pm (Doirse 7.30pm) | Ceol \| Music | Áras Uí Chonghaile |
| **Ceardlann na Nollag le Gairdín an Phobail**<br>1/12/23 \| 10.30am | Pobal<br>Community | Glór na Móna |
| **Agallamh mór na Nollag**<br>1/12/23 \| 13:00-15:00 | Pobal<br>Community | Raidió Fáilte |
| **Dorn san Aer do Rónán: Nochtadh Múrphictiúir agus Craoladh Beo le Bladhaire**<br>1/2/23 \| 2:00 - 5:00pm | Pobal<br>Community | Cultúrlann |

# FLEADH FEIRSTE 2023

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* | *Ardá(i)n* |
|---|---|---|
| **Seoltaí leabhar i gcomhar leis an Ceathrú Póilí**<br>**An Tiarna George Hill agus Pobal Ghaoth Dobhair le Cathal Póirtéir:** 02/12/23 \| 1:00pm<br>**An Cairdeagan Buí le hArt Hughes:** 02/12/23 \| 3:00pm<br>**Súile Éisc le Michelle Nic Pháidín:** 09/12/23 \| 1:00pm | Litríocht Literature | Cultúrlann |
| **Léiriú Scannáin do Theaghlaigh agus Páistí Óga : Puffin Rock & Cairde Nua**<br>02/12/23 \| 11:00am - 12:30pm | Teaghlaigh Family | Raidió Fáilte |
| **Seit Ceoil & Scéalaíocht leis na Brigideens**<br>02/12/23 \| 1:30 - 3:30pm | Teaghlaigh Family | Raidió Fáilte |
| **Bábóg na Nollag (Seó Poiblí)**<br>02/12/23 \| 12:00pm & 6:00pm | Teaghlaigh Family | Cultúrlann |
| **Cothaigh: Léacht agus Dinnéar Bliantúil**<br>02/12/23 \| 6:00pm | Pobal Community | Cultúrlann |
| **Pluais Dhaidí na Nollag**<br>03/12/23 \| 1:00 - 3:00pm | Teaghlaigh Family | Cultúrlann |
| **Seoladh Leabhair leis an tSnáthaid Mhór i gcomhar le hÁine Ní Ghlinn**<br>03/12/23<br>2:00 - 2:30pm<br>3:00 - 3:30 pm | Teaghlaigh Family | Cultúrlann |
| **Craoladh Seachtrach Beo**<br>03/12/23 \| 3:00 – 5:00pm | Pobal Community | Raidió Fáilte |
| **Lasadh Shoilse na Nollag**<br>03/12/23 \| 4:00pm | Pobal Community | Cultúrlann |
| **Seoladh: Meitheal Mheantóireachta 2024**<br>06/12/23 \| 12:00pm | Pobal Community | Cultúrlann |




## AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge é An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

*An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.*

| | |
|---|---|
| *Uaireanta oscailte:* *Opening Hours* | |
| *Dé Luain - Dé hAoine:* *Mon - Fri:* | |
| 9:30am | 5:30pm |
| *Dé Sathairn:* *Sat:* | |
| 9:30am | 4:00pm |
| *Dé Domhnaigh:* *Sun:* | |
| Druidte \| Closed | |
| 02890 322811 | |
| www.anceathrupoili.com | |

An Ceathrú Póilí



## BIA LOCH LAO

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia Loch Lao ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde. Gheobhaidh achan duine a cheannaíonn ticéid d'imeachtaí na Cultúrlainne 15% lacáiste ar bhia. Bígí linn!

*Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Bia Loch Lao is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia Loch Lao offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards. Get 15% off your food if you hold tickets to any of the Cultúrlann events. Come and join us!*

*Uaireanta oscailte:*
*Opening Hours*

*Dé Domhnaigh - Déardaoin*
Sun - Thurs:

| | |
|---|---|
| 9:00AM | 7:00PM |

*Dé hAoine - Dé Sathairn*
Fri - Sat:

| | |
|---|---|
| 9:00AM | 9:00PM |

*Cuir glaoch orainn ar | Call us on*
02890 964184.

# GEAMAIREACHT NA NOLLAG 2023

## LÉIRIÚ DE CHUID AISLING GHÉAR



AISLING GHÉAR PRESENTS:

# BÁBÓG NA NOLLAG

## THE CHRISTMAS DOLL

**Le | by Dónall Mac Giolla Chóill**

Tá an déantóir bábóg/bréagán bocht ina haonar sa bhaile Oíche Nollag. Fuair sí litir cheana féin, go luath san Earrach, ó Dhaidí na Nollag lena rá nach mbeadh an oiread bréagán óna ceardlann de dhíth air agus a bhíodh de ghnáth. Leis an scéal a dhéanamh níos measa, tá teachtaireacht faighte aici óna tiarna talaimh ag bagairt go gcuirfear amach as a teach í. Is é an t-aon chara atá aici ná seanteidí a bhfuil grá aici dó.
Ar bhuille an mheán oíche buailtear cnag ar an doras agus tagann strainséir isteach. Tá sé iontach trína chéile agus giota beag gioblach ach dar léi gur duine maith é agus tugann sí cuireadh dó a scíth a dhéanamh ar an tolg. I lár na hoíche tarlaíonn rud iontach aisteach sa cheardlann – tagann beocht sna bréagáin uilig, aithníonn siad an fear atá ina chodladh ar an tolg mar chonaic siad ar an teilifís é agus tosaíonn siad a chur ceisteanna air faoi cé hé agus faoin dóigh a dtáinig sé anseo. Sa deireadh imíonn a mhearbhall agus cuimhníonn sé cé hé – is é Uachtarán Bhanc Mhín an Chladaigh é!

Idir an dá linn tá an Déantóir Bréagán amuigh sa chomharsanacht ag dáileadh bréagán ar na páistí áitiúla. Nuair a thagann

sí ar ais chuig an cheardlann tá an fear ina sheasamh in aice le crann Nollag álainn, tá dinnéar na Nollag ar an tábla agus tá tine ag dó ar an teallach! Míníonn an strainséir cé hé féin, gabhann sé buíochas léi as a cineáltas agus déanann sé tairiscint di a comhlacht bréagán a cheannach ar shuim bhreá!

**Bígí ag cleachtadh bhur gcuid carúil Nollag – beidh oraibh canadh in ard bhur gcinn!**

Le tacaíocht ón Chrannchur Náisiúnta trí Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.

*A poor doll/toymaker is alone at home on Christmas Eve. She's already received a letter from Father Christmas, earlier in the spring, with the bad news that he would not require as many toys from her workshop as usual. To make matters worse, she's just received a message from her landlady threatening to have her turned out of her home. Her only companion is a much treasured and very old teddy bear.*
*On the stroke of midnight there's a knock at the door and a stranger enters. He's very confused and a bit scruffy but she thinks he's a good man and offers him a rest on the sofa. In the middle of the night something very, very strange happens in the workshop – all the toys come to life, they recognise the man asleep on the sofa from the TV and they begin to quiz him on who he is and how he got there. Eventually his confusion clears and he remembers who he is - the President of the Bank of Mín an Chladaigh! In the meantime the Toymaker has been out in the neighbourhood delivering toys to the local children. When she comes back to the workshop the man is standing next to a gorgeous Christmas tree, Christmas dinner is on the table and there's a fire in the hearth! The stranger explains who he is, thanks her for her kindness and makes her an offer to buy her toy company for a very handsome sum!*

***Brush up on all your Christmas songs – you'll need to sing your heart out!***

*Supported by the National Lottery through the Arts Council of Northern Ireland.*

| | |
|---|---|
| 30/11/23 | 10.30am & 1pm |
| 01/12/23 | 10.30am & 1.30pm |
| 02/12/23 | 12pm & 6pm |
| £5 an páiste/ £5 per child | |
| www.culturlann.ticketsolve.com | |
| Aisling Ghéar Compántas Amharclainne | |




## FÍS AN PHOBAIL:
## 'SUÍ 'S SCÍTH NA NOLLAG'

Bígí linn do sheisiún Suí 's Scíth na Nollag, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich Dé Céadaoin 29 Samhain, 10rn-11rn. Thig libh féin agus bhur bpáistí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí súgartha, céadfacha agus ealaíne. Beidh rogha sneaiceanna sláintiúla, tae, caife, craic agus comhrá ar fáil. Déan teagmháil le Sorcha chun áit a chur in áirithe – Sorcha@fisanphobail.com

*Come and join us for a session of Christmas 'Suí 's Scíth' in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich on 29 November, 10-11am. Both you and your children will able to take part in playful, sensory and artistic activities. There will also be a choice of healthy snacks available as well as tea, coffee, craic and conversation.*
*To book a place, please contact Sorcha at - Sorcha@fisanphobail.com*

| 29/11/23 | |
|---|---|
| 10.00am | 11:00am |
| *Eolas:* | |
| Sorcha@fisanphobail.com | |




## An tSnáthaid Mhór
## SEOLADH LEABHAR NUA
## NEW BOOK LAUNCH

Is stiúideo ábhair léiritheach é An tSnáthaid Mhór a chruthaíonn agus a fhoilsíonn leabhair, e-leabhair, físeáin agus beochana do pháistí.

*An tSnáthaid Mhór is an Illustrative content studio that creates and publishes books, e-books, video and animation for children of all ages.*

**Leabhar le fógairt | Book to be announced**

| 03/12/23 | |
|---|---|
| 2:00pm | 2:30pm |
| 3:00 pm | 3:30 pm |

An tSnáthaid Mhór



# PLUAIS DHAIDÍ NA NOLLAG
## SANTA CLAUS' GROTTO

Ná cailligí an deis bualadh le Daidí na Nollag agus é ag tabhairt cuairt ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus ar na páistí ar fad le Gaeilge! Gheobhaidh na páistí maithe uilig bronntanas galánta ar an lá. Agus tú ag fanacht le bualadh leis an fhear é féin, thig leat sult a bhaint as ceardlann ealaíne spraíúil agus scéalaíocht agus péinteáil aghaidhe a bheidh ag tarlú ag an am chéanna.

*Don't miss the chance to meet Daidí na Nollag while he is visiting Cultúrlann McAdam Ó Fiach and all the Irish-speaking children! All good children will get a wonderful present on the day. There will be a fun art workshop also taking place while you wait to meet the man himself.*

03/12/23

1.00pm | 3:00pm

£5 an páiste | £5 per child
(Pictiúr agus bronntanas san áireamh | Picture and gift included)

www.culturlann.ticketsolve.com



## LÉIRIÚ SCANNÁIN DO THEAGHLAIGH AGUS PÁISTÍ ÓGA
## FILM SCREENING

Beidh an scannán úr, Puffin Rock & Cairde Nua, á léiriú i spás an Lonnáin, Raidió Fáilte. Spásanna teoranta – is féidir ticéid a chur in áirithe ar líne. Grán rósta agus deochanna boga curtha ar fáil do phaistí. Is comhimeacht é seo idir Raidió Fáilte agus Glór na nGael.

02/12/23

11:00am | 12:30pm

*Raidió Fáilte*




# SEIT CEOIL & SCÉALAÍOCHTA LEIS NA BRIGIDEENS

Imeacht ar leith scéalaíochta & ceoil do theaghlaigh agus páistí óga i spás an Lonnáin.

| 02/12/23 | |
|---|---|
| 1.30pm | 3:30pm |
| *Spás an Lonnáin - Raidió Fáilte* | |

fm 107.1 Raidió Fáilte www.raidiofailte.com



# PIARAS Ó LORCÁIN & BLÁITHÍN MHIC CANA
## AG ÁRAS UÍ CHONGHAILE

Is de bhunadh Chrois Mhic Lionnáin i nDeisceart Ard Mhacha é Piaras, fear óg a tógadh le hamhráin agus le scéalta a áite dúchais, Oirialla. Fear óg tallannach é a bhfuil guth as cuimse cumhachtach aige agus tá a chlú ag méadú i rith an ama.

Is as an Mhullach Bhán i ndeisceart Ard Mhacha do Bhláithín Mhic Cana, amhránaí iontach atá go mór faoi thionchar amhránaithe traidisiúnta an cheantair sin. Is mór an spreagadh a thugann sí do go leor daoine óga agus í ag múineadh amhráin is cheol na dúiche mar aon leis an Ghaeilge.

Tá muid ag súil le hoíche de scoth in Áras Uí Chonghaile agus muid ag cur fáilte roimh dheisceart Ard Mhacha go Béal Feirste!

*A native of Crossmaglen in South Armagh, Piaras has been brought up with the songs and stories of his local area of Oirialla. A powerful voice in such a young man, Piaras has a special talent which is quickly becoming more widely recognised.*

*Bláithín Mhic Cána from Mullaghban comes from a background of traditional singers in South Armagh and continues to inspire many young people through teaching the songs, music and language of that area.*

*This will be a wonderful evening in the setting of Áras Uí Chonghaile as we welcome South Armagh to West Belfast!*

30/11/23

Doirse 7.30pm | Ceolchoirm 8pm

Ticéid £15

*www.arasuichonghaile.com/concert/*

ÁRAS UÍ CHONGHAILE
JAMES CONNOLLY
VISITOR CENTRE



**TAISPÉANTAS**


## CONOR WICKHAM

## CUIMHNE AG ÉALÚ GO MALL AGUS AN GRÁ AGUS AN CUMHA

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal an 20 speiceas plandaí soithíocha atá i mbaol mór ar oileán na hÉireann a dhoiciméadú sa líníocht. Beidh sraith de 5 líníocht dúigh ann ar chanbhás neamh-phríméáilte timpeall 213 x 91cm. Is staidéir mhonacrómacha ar chruth agus ar fhoirm iad na píosaí féin. Ní léirithe cruinn iad go díreach, ach ath-léirmhínithe cruthaitheacha. Beidh gnéithe líonmhara de rogha gach speicis i ngach ceann de na cúig líníocht agus iad fillte agus fite go dlúth chun comhdhéanamh uathúil a chruthú. Beidh na píosaí thar a bheith maisiúil. Bainim sult as na dearaí a oibriú isteach i bhfíochán na fabraice. Is próiseas thar a bheith fadálach pointeáilte é ach cuireann ar mo chumas mé féin a bhá sa phróiseas. Is tríd an phróiseas líníochta seo a fhoghlaimím faoi m'ábhar: na foirmeacha agus na mionghnéithe atá ann; na cineálacha uigeachta agus na patrúin cheilte.

*The aim of the project is to document through drawing, the 20 critically endangered vascular plant species on the island of Ireland. There will be a series of 5 ink drawings on un-primed canvas approximately 213 x 91cm. The pieces themselves are monochrome explorations of shape and form. They are not merely direct observations but creative reimagings. Each of the five drawings will have multiple aspects of a selection of each species wrapped and intricately weaved to create a singular composition. They will be highly decorative.*
*I enjoy working the designs into the weave of the fabric. It's an extremely slow and meticulous process but one which enables me to immerse myself into the process. It is through this drawing process that I learn about my subject. Its forms and details, textures and hidden patterns.*

| 16/11/23 | 11/01/24 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 16/11/23 \| 7:00pm | |
| *Ballaí Bána* | |



TAISPÉANTAS
## DUNCAN ROSS
## LÉARÁIDÍ AGUS MOLTAÍ LE DÉANAÍ

Is é atá i Recent Diagrams and Proposals ná taispeántas de líníochtaí priontáilte agus de chóimeálacha dealbhóireachta adhmaid. Táirgtear na cóimeálacha as ábhair a bailíodh i spásanna poiblí lena n-áirítear páirc phobail faoi stiúir grúpa ainrialaithe i dTuaisceart Bhéal Feirste. Déanann na priontaí sraith de sceitsí peann agus dúigh a atáirgeadh trí úsáid a bhaint as réimse de theicnící grafacha lena n-áirítear esquisse, líníocht uathoibríoch agus dréachtlíníocht theicniúil. I measc téamaí eile, cuimsíonn siad seo suim an ealaíontóra i ngnáthamh néareolaíoch, geomanacht agus líníocht bhosca.

Rugadh Duncan in Albain ach tá sé ina chónaí i mBéal Feirste ó mhí na Samhna 2000. Le linn an ama sin, dhírigh a chleachtas ar iniúchadh ar shaothar an línitheora agus ar éascú na n-amharc-ealaíon, áit a bhfuil saothair ar leith forbartha aige thar tréimhsí fada. I measc na samplaí tá léaráidí Duncan don bhileog nuachta The Vacuum (2003 – 2014), ceardlann ealaíne poiblí oscailte in aghaidh na seachtaine dar teideal The Tuesday Drawing Studio (2013 - 2018) á heagrú ag an ealaíontóir, agus Skull, imeacht líníochta fada beo atá á thionól go míosúil ag an Black Box ó bhí 2016 ann.

Recent Diagrams and Proposals is an exhibition of printed drawings and wooden sculptural assemblages. The prints reproduce a series of pen and ink sketches made using a range of graphic techniques including automatic drawing and technical draughting. Amongst other themes, these incorporate the artist's interests in neurological routine, geomancy and box art. The wooden assemblages are made from materials gathered in public spaces, including an anarchist-run community park in North Belfast. Originally from Scotland, Duncan has been based in Belfast since 2000. During that time, his practice has centred on an exploration of draughtsmanship and visual arts facilitation, where he has developed single bodies of work over extended durations. Examples include Duncan's illustrations for The Vacuum newssheet (2003 – 2014), his organisation of a weekly open-access public art workshop called The Tuesday Drawing Studio (2013 - 2018), and Skull, a long-form live drawing event held monthly at the Black Box since 2016.

| 16/11/23 | 11/01/24 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 16/11/23 \| 7:00pm | |
| *Dánlann Dillon* | |




## SEOLTAÍ LEABHAR I GCOMHAR LEIS AN CEATHRÚ PÓILÍ

## BOOK LAUNCHES IN COLLABORATION WITH AN CEATHRÚ PÓILLÍ










| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Tiarna George Hill agus Pobal Ghaoth Dobhair**<br>le Cathal Póirtéir | | **An Cairdeagan Buí**<br>le Art Hughes | | **Súile Éisc**<br>le Michelle Nic Pháidín | |
| 02/12/23 | 1:00pm | 02/12/23 | 3:00pm | 09/12/23 | 1:00pm |
| Áit\| Place : Dánlann Dillon | | Áit\| Place : Dánlann Dillon | | Áit\| Place : Dánlann Dillon | |






# AN TIARNA GEORGE HILL AGUS POBAL GHAOTH DOBHAIR

## LE CATHAL PÓIRTÉIR

An té a thabharfadh sciuird thart timpeall na hEaragaile agus ceantar Ghaoth Dobhair, tiocfaidh siad ar óstán breá darb ainm an Chúirt. Tiarna talún áitiúil a thóg, darbh ainm George Hill (1801–1879). Is doiligh a rá cén sórt duine a bhí ann, óir is iomaí scéal a mhaireann faoi, idir mhaith agus olc.

Sa leabhar seo, déantar iarracht fíricí agus barúlacha faoi Hill agus Gaoth Dobhair a tharraingt le chéile lena gcomhthéacs staire agus pearsana, le cuidiú linn a oidhreacht sa cheantar a mheas go cothrom.

Scríbhneoir agus craoltóir é CATHAL PÓIRTÉIR a chuireann spéis ar leith i litríocht na Gaeilge, béaloideas na hÉireann agus an stair.

**An tOllamh Dónall Ó Baoill a bheas ag cur agallaimh ar Chathal fán leabhar.**
**Fear a' tí: Dónall Mac Giolla Chóill**
**Cuirfear sólaistí ar fáil**

02/12/23

1:00pm

Dánlann Dillon

An Ceathrú Póilí

CLÓ IAR-CHONNACHT






## AN CAIRDEAGAN BUÍ

### LE ART HUGHES

Is í Máire Ní Riain, cailín feirme as Léana an Tobair in iarthar Chontae Luimnigh, príomhcharachtar an úrscéil seo. Cuirtear Máire go Cathair Luimnigh ina déagóir mar a mbuaileann sí le Bean Ní Mháille, a hoide Urlabhraíochta agus Drámaíochta, agus a comhscoláirí Máirín agus Eibhlín. Castar buachaill strainséartha uirthi agus éiríonn sraith eachtraí corraitheacha de bharr na teagmhála sin.

Is léitheoir le Gaeilge é an Dr Art Hughes in Ollscoil Uladh i mBéal Feirste. Is file, ealaíontóir agus craoltóir é chomh maith. Is é An Cairdeagan Buí a chéad úrscéal Gaeilge.

Fáilte roimh chách.
Cuirfear sólaistí ar fáil.

02/12/23

3:00pm

Dánlann Dillon

An Ceathrú Póilí

éabhlóid






## SÚILE ÉISC

### LE MICHELLE NIC PHÁIDÍN

Seo an chéad leabhar gearrscéalta ó pheann Mhichelle Nic Pháidín. Tugtar ar iliomad turas intinne muid sa chnuasach seo: chuig saol na samhlaíochta i gcuid de na scéálta; léirítear saol an cheantair ina bhfuil sí ina cónaí i gcuid eile; agus faightear blas na farraige sa chuid eile. Tá éagsúlacht as cuimse sa chnuasach seo ó thaobh ghlór an scéalaí.

Rugadh **Michelle Nic Pháidín** i nGlaschú, Albain ach tá conaí uirthi in Éirinn le fad a cuimhne. Is iriseoir í a d'obair le Foinse, Lá, an Donegal Democrat, an Star agus an Daily Irish Mirror. Tá dhá leabhair ficsin foilsithe léi, An tIriseoir agus Fuascailt an Iriseora.
Is í **Bríd Ó Gallchóir** a bheas mar bhean a' tí ar an ócáid agus is é **Dónall Mac Giolla Chóill** a dhéanfaidh an leabhar a sheoladh.

Cuirfear sólaistí ar fáil.

09/12/23

1:00pm

Dánlann Dillon

An Ceathrú Póilí

CLÓ IAR-CHONNACHT



# BRICFEASTA SAOR 'S GAELACH

Cuirfear bricfeasta saor in aisce ar fáil do dhaltaí áitiúla ar an bhealach chun na scoile chun dlúthpháirtíocht a léiriú leis an phobal.

*Free breakfast will be provided for local school children on their way to school to show solidarity with the community.*

29/11/23

8.00am

*Coláiste Feirste*

gearoidin@glornamona.com

glór na móna
Pobal & Óige




## BLAISEADH GAEILGE AGUS ARAIBIS LE PPR

## IRISH AND ARABIC TASTER SESSIONS WITH PPR

Ar mhaith leat blaiseadh agus cúpla focal den Ghaeilge agus den Araibis a fhoghlaim? Bígí linn ag an cheardlann seo atá eagraithe i gcomhpháirt leis an eagraíocht feachtasaíochta Participation and Practice of Rights (PPR).

Cuirfear lón ar fáil.

*Would you like to learn a few words of Irish and Arabic? Bígí linn for this workshop organised in solidarity with the campaigning group Participation and Practice of Rights (PPR).*

*Lunch provided.*


30/11/23

12:00pm

*Gael-Ionad Mhic Goill*

eoghan@glornamona.com

glór na móna
Pobal & Óige




## GUTHANNA NA COIMHLINTE
## VOICES FROM THE CONFLICT

Le blianta beaga anuas, tá scoth na scríbhneoireachta foilsithe ag daoine áitiúla dírithe ar thaithí s'acu le linn na coimhlinte, idir dhánta agus chuimhní chinn. Bígí linn chun ceiliúradh a dhéanamh ar na daoine seo ag oíche lán le léamha filíochta agus próis. Imeacht dátheangach a bheas ann. Beidh fíon agus sólaistí ar fáil!

*In recent years, local people have published extraordinary pieces of writing based on their experience of the conflict here. Join us to celebrate these people with a night of poetry, memoir readings and much more!*

*This will be a bilingual event with wine and refreshments provided.*

30/11/23

7:30pm

*Gael-Ionad Mhic Goill*

eoghan@glornamona.com

glór na móna
Pobal & Óige



## CEARDLANN NA NOLLAG I NGAIRDÍN AN PHOBAIL

Maidin lán d'imeachtaí na Nollag i nGairdín an Phobail do pháistí bunscoile le healaín, s'mores agus go leor eile! Imeacht druidte a bheas ann.

*A morning full of Christmas activities in Gairdín an Phobail for the bunscoil kids with art, s'mores and more! This is a closed event.*

01/12/23

10:00am

*Cláraigh | Register:*

*laochra@glornamona.com*

*Gairdín an Phobail*

glór na móna
Pobal & Óige




## MÚRPHICTIÚR & CRAOLADH BEO
## DORN SAN AER DO RÓNÁN

Nochtadh múrphictiúir agus clár speisialta de 'Bladhaire' le RTÉ Raidió na Gaeltachta in ómós Rónáin Mhic Aodha Bhuí.

*Relieving of Mural and special programme with 'Bladhaire' and RTE Raidió in honor of Ronán Mhich Aodha Bhuí.*

| 01/12/23 | |
|---|---|
| 2:00pm | 2:45pm |
| *Cultúrlann McAdam Ó Fiaich* | |

BLADHAIRE
RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA




## MÚRPHICTIÚR & CRAOLADH BEO
## AGALLAMH MÓR NA NOLLAG

Mar chuid de cheiliúradh bliain amháin ó oscailt oifigiúil Stiúideo Feirste, beidh iar-bhainisteoir Raidió Fáilte, Fergus Ó hÍr á chur faoi agallamh ag Eoghan Ó Néill faoina chuid cuimhní ar bhunú an stáisiúin agus faoin dul chun cinn atá déanta.

| |
|---|
| 01/12/23 |
| 1:00pm - 3:00pm |
| *Raidió Fáilte* |



## 'BLADHAIRE' LE HÁINE NÍ BHREISLEÁIN, BEO Ó CHULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH

Beidh an clár Bladhaire le hÁine Ní Bhreisleáin ag teacht beo ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich i gclár speisialta in ómós Rónáin Mhic Aodha Bhuí. Clár speisialta le ceol, cairde agus aíonna áitiúla ag roinnt a gcuid cuimhní agus an loirg láidir a d 'fhág Rónán ar phobal na Gaeilge i mBéal Feirste cois cuain. Beidh deis ag an lucht éisteachta a bheas linn ar an lá labhairt chomh maith agus a scéalta a roinnt ar an aer.

*Bladhaire with Áine Ní Bhreasláin will be coming live from Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in a special programme in memory of Rónán Mac a Bhuí. A special programme with music and local guests discussing the many memories and the strong and lasting impact Rónán had on the Irish language community here in Belfast. There will also be a chance for the audience on the day to share their stories.*

01/12/23

3:00 - 5:00pm

BLADHAIRE
RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA




## LASADH SHOILSE NA NOLLAG
## SWITCHING ON THE CHRISTMAS LIGHTS

Lasfar soilse na Nollag agus is cinnte go spreagfar spiorad na Nollag ionat. Fosta, fógrófar buaiteoirí chomórtas ealaíne na scoileanna agus beidh maróga Nollag blasta agus scailtín fíona ar fáil sa chaife. Beidh aíonna speisialta againn i mbliana le soilse Nollag na Cultúrlainne a lasadh!

*The Christmas tree lights will be switched on by and will no doubt inspire your Christmas spirit. We will also announce the winners of the school Christmas art competition and there will be mince pies and mulled wine in the caifé. We will also have special guests this year to light the Christmas lights!*

| |
|---|
| 03/12/23 |
| 4:00pm |
| Saor in aisce \| Free admission |
| *Áit\| Place:* |
| *Cultúrlann McAdam Ó Fiaich* |



## CRAOLADH SEACHTRACH BEO Ó LÁ TEAGHLAIGH & LASADH NA SOILSÍ FLEADH FEIRSTE
## LIVE BRAODCAST FROM FLEADH FEIRSTE'S FAMILY DAY & CHRISTMAS LIGHTS SWITCH ON

Beidh Raidió Fáilte ag craoladh beo ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich mar chuid d'imeachtaí chlabhsúir Fhleadh Feirste. Aíonna speisialta, craic, ceol agus lasadh shoilse na Nollag!

*Raidió Failte will be broadcasting live from Cultúrlann McAdam Ó Fiaich as part of the Fleadh Feirste festivities. Special guests, craic, music and lighting the Christmas lights!*

03/12/23

an lá ar fad




## SEOLADH
## MEITHEAL MHEANTÓIREACHTA 2024

Is scéim chumasaithe é an Mheitheal Mheantóireachta, atá á soláthar ag plean teanga Feirste Thiar, Fís an Phobail, agus atá dírithe ar ghníomhaithe agus ar oibrithe in earnáil na Gaeilge. Seoladh scéim phíolótach anuraidh agus tá áthas orainn bliain thar a bheith rathúil a cheiliúradh agus táimid ar bís súil a chaitheamh ar an bhliain seo chugainn. Bronnfar teastas ar bhliainghrúpa 2023 agus leagfar amach pleananna oiliúna na bliana seo chugainn.
**Cuirfear sólaistí ar fáil.**

*Meitheal Mheantóireachta is an enabling scheme that is being delivered by the west Belfast language plan, Fís an Phobail, and is targeted on activists and those working in the Irish language sector. We launched our pilot scheme last year and we are pleased to celebrate a very successful year and eagerly look forward to the year to come. A certificate will be awarded to the 2023 group and training plans for next year will be set out.*
***Refreshments will be provided.***

| |
|---|
| 06/12/23 |
| 12:00pm |
| Dánlann Dillon |
| *Cultúrlann McAdam Ó Fiaich* |




## EALAÍONTÓIRÍ NA HÉIREANN DON PHALAISTÍN
## IRISH ARTISTS FOR PALESTINE

**Ráiteas Misin**

Is comhghuaillíocht ealaíontóirí é Ealaíontóirí na hÉireann don Phalaistín a fhógraíonn clár uile-oileáin d'imeachtaí dlúthpháirtíochta i bhfianaise an ionsaithe agus an léigir chinedhíothaithe atá ar Gaza faoi láthair, agus forghabháil leanúnach na Palaistíne. Cuirfear tús leis an gclár i mí na Samhna 2023 le sraith imeachtaí neamhspleácha dírithe ar dhlúthpháirtíocht ghníomhach agus tiomsú airgid.

Iarraimid rannpháirteachas agus rannpháirtíocht ar gach cearn de phobal na n-ealaíon chun an rud is fearr a dhéanaimid a dhéanamh: meon ár bpobail a léiriú agus teachtaireacht chumhachtach dlúthpháirtíochta a roinnt leis an Phalaistín: 'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'. Cruthaíonn léiriú ealaíonta spásanna trínar féidir linn ár ndiongbháilteacht agus ár n-acmhainneacht a nascadh agus a dhoimhniú i bhfianaise an fhoréigin chórasaigh, an leatroim agus na héagóra. Creidimid go bhfuil ról ríthábhachtach ag an ealaín maidir le croíthe a oscailt agus meon a athrú. Cruthóidh Ealaíontóirí na hÉireann don Phalaistín spásanna inar féidir tacaíocht do shaoirse na Palaistíne a chur in iúl trínár nguthanna agus ár gcruthaitheacht chomhchoiteann. Impímid ar phobal na n-ealaíon i gcoitinne - mór-eagraíochtaí, comharghrúpaí, amharc-ealaíontóirí, agus scríbhneoirí - páirt a ghlacadh sa ghairm chun gnímh seo.

# NA MEÁIN SHÓISIALTA
# SOCIAL MEDIA

Bíonn ardáin na Cultúrlainne i gcónaí gnóthach le hábhair ar chúrsaí laethúla sa Chultúrlann agus cad é a bheas ag teacht aníos - agus ó am go ham le craic leis an fhoireann! Bí cinnte go leanann tú muid ar na hardáin thíos agus tabhair laidhc le bheith ar an eolas faoi imeachtaí sa Chultúrlann agus lena chinntiú nach gcailleann tú amach - agus fiú tú féin a fheiceáil i bpictiúir ar an fhíd ó imeacht!

Our social media platforms are always busy with content about what's going on that day and upcoming events - and sometimes the team having a bit of craic! Make sure to follow us and like our posts to stay up to date on what's happening so that you don't miss out on something special and maybe even catch yourself in the event pictures or reels on our feeds!

Linktree - @culturlann
**nó scan an cód QR seo le do ghuthán | or scan this QR code with your phone**

Instagram - @Culturlann
Twitter - @Culturlann
Tiktok - @Culturlann
Facebook - Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
Youtube - Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
Suíomh | Website - www.culturlann.ie

CULTÚRLANN
M[c]ADAM Ó FIAICH

Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Arts Cooncil o Norlin Airlann

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

Foras na Gaeilge

An Roinn Pobal

FUTURE SCREENS NI